**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**

**MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**FÓMHAR, 2023**

# OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

**Triail Chluastuisceana– 100 MARC**

**Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir 'tic ☑' i mbosca amháin gach uair.**

**Líon na boscaí seo, le do thoil:-**

| Uimhir Scrúdaithe | Uimhir PPS | Uimhir Oide |
|---|---|---|
| | | |

# ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

## FÓGRA I

1. Cá mbíonn na hoícheanta rialta grinn ar siúl?

I gClub Chonradh na Gaeilge. ☐

In Oifigí *GaelGÁIRÍ*. ☐

Ar *TikTok*. ☐

Ar *YouTube*. ☐

2. Céard a bheidh ar siúl ar an Oíche Chultúir?

Gáire don chlann. ☐

Gáire ar *TikTok*. ☐

Scannán Grinn. ☐

Gáire Groí. ☐

3. Cén t-ábhar a bhíonn ag Louisa Ní Éideáin ina cuid amhrán?

Saol an mhúinteora. ☐

Saol an tuismitheora. ☐

An saol ar *TikTok*. ☐

An Oíche Chultúir. ☐

4. Cén lá den tseachtain a bheidh an Oíche Chultúir ar siúl?

Dé Máirt. ☐

Déardaoin. ☐

Dé Céadaoin. ☐

Dé hAoine. ☐

5. Céard é an spriocdháta chun clárú don Oíche Chultúir?

2 Meán Fómhair. ☐

19 Meán Fómhair. ☐

9 Meán Fómhair. ☐

22 Meán Fómhair. ☐

**FÓGRA II**

1. Cén téama a bheidh á phlé ag múinteoirí ina gcuid ceachtanna go luath?

An geimhreadh. ☐

An fhilíocht. ☐

An fómhar. ☐

An ceol. ☐

2. Cá bhfuil na hacmhainní ar fáil?

Sa Leabharlann Náisiúnta. ☐

Sa leabharlann áitiúil. ☐

Sa leabharlann in oifigí *Gaeloideachas*. ☐

Sa leabharlann ar shuíomh idirlín *Gaeloideachas*. ☐

3. Cá bhfuil na gníomhaíochtaí d’Oíche Shamhna mínithe ag *Gaeloideachas*?

I leabhar. ☐

I bhfíseán. ☐

Ar bhileog speisialta. ☐

I bpodchraoladh. ☐

4. Cé na ranganna a mbeadh na gníomhaíochtaí d’Oíche Shamhna oiriúnach dóibh?

Na ranganna sinsearacha. ☐

Na ranganna sóisearacha. ☐

Rang 1 agus Rang 2. ☐

Na Naíonáin Shinsearacha. ☐

5. Céard atá le déanamh chun crua-chóip den phacáiste a fháil?

Ríomhphost a chur. ☐

Glao a chur. ☐

Litir a sheoladh. ☐

Téacs a chur. ☐

**FÓGRA III**

1. Cathain a bunaíodh *Oideas Gael*?

1994. ☐

1904. ☐

1984. ☐

1914. ☐

2. Cá bhfuil *Oideas Gael* lonnaithe?

Gleann na nGealt. ☐

Gleann Chiarraí. ☐

Gleann na Gaeltachta. ☐

Gleann Cholm Cille. ☐

3. Cén t-aitheantas atá tugtha ag an Roinn Oideachais do chúrsaí *Oideas Gael*?

Aitheantas mar choláiste cultúir. ☐

Aitheantas mar choláiste spóirt. ☐

Aitheantas ar mhaithe le saoire phearsanta bhreise do mhúinteoirí. ☐

Aitheantas ar mhaithe le laethanta oibre breise. ☐

4. Cén cúrsa nua a bheidh ar fáil an bhliain seo chugainn?

Teanga agus Timpeallacht. ☐

Teanga agus Cultúr. ☐

Teanga agus Ceol. ☐

Teanga agus Ealaín. ☐

5. Céard faoi a bhfoghlaimeoidh na rannpháirtithe ar an gcúrsa nua?

Ceol an cheantair. ☐

Dúlra agus béaloideas an cheantair. ☐

Spórt an cheantair. ☐

Stair an cheantair. ☐

## ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### COMHRÁ I

1. Cén grúpa a thugann airgead do *An Scéim Oidhreachta sna Scoileanna*?

Cumann na Scoileanna don Oidhreacht. ☐

An Roinn Oideachais. ☐

An Chomhairle Oidhreachta. ☐

Cumann Oidhreachta Mhúscraí. ☐

2. Conas a dhéanann múinteoirí teagmháil le saineolaí?

Trí ghlao a chur. ☐

Ag cruinniú aghaidh ar aghaidh. ☐

Trí litir a chur sa phost. ☐

Ar shuíomh idirlín na Comhairle Oidhreachta. ☐

3. Cá bhfuil scoil Sheáin suite?

I Múscraí. ☐

I measc na nGaibhlte. ☐

I gContae Chorcaí. ☐

I nGailtrí. ☐

4. Conas a thaistil na páistí ó scoil Sheáin chuig na sléibhte?

Ar rothar. ☐

Ar thraein. ☐

Ar bhus. ☐

I ngluaisteán. ☐

5. Cár ith na páistí ó scoil Sheáin lón ar a dturas scoile?

Ar bhruach an locha. ☐

In aice le sruthán. ☐

I mbialann sna sléibhte. ☐

I dteach beag. ☐

**Ar lean →**

## COMHRÁ II

1. Cén contae ina bhfuil na Gaeil Óga lonnaithe?

Contae na Gaillimhe. ☐

Contae Chiarraí. ☐

Contae Bhaile Átha Cliath. ☐

Contae Chorcaí. ☐

2. Cathain a thosaigh Éanna ag imirt leis na Gaeil Óga?

2004. ☐

2014. ☐

2010. ☐

2000. ☐

3. Lasmuigh den pheil, céard eile a mheall Éanna chuig na Gaeil Óga?

Na seomraí feistis. ☐

Na páirceanna imeartha. ☐

An ceol. ☐

An Ghaeilge. ☐

4. Cá mbíonn na seisiúin thraenála ar siúl?

Páirc an Fhionnuisce. ☐

Cearnóg Mhuirfeann. ☐

Faiche Stiabhna. ☐

An Pháirc Bheag. ☐

5. Lasmuigh de bheith ag imirt, cén deis eile a bhíonn ann do mhúinteoirí sa chlub?

A bheith mar mhaor uisce. ☐

Tacaíocht teanga a thabhairt do dhaoine óga. ☐

A bheith páirteach i gcúrsaí leighis. ☐

Airgead a bhailiú. ☐

# <u>COMHRÁ III</u>

1. Cén post atá ag Gráinne?

Oifigeach Margaíochta leis *An Siopa Leabhar*. ☐

Oifigeach le Conradh na Gaeilge. ☐

Príomhoide. ☐

Bainisteoir ar *An Siopa Leabhar*. ☐

2. Conas atá na leabhair do pháistí bunscoile eagraithe in *An Siopa Leabhar*?

De réir údair. ☐

De réir inscne. ☐

De réir ranganna. ☐

De réir datha. ☐

3. Cathain a bheidh Ciarán i mBaile Átha Cliath?

An mhí seo chugainn. ☐

An tseachtain seo chugainn. ☐

An bhliain seo chugainn. ☐

Dé Máirt. ☐

4. Céard a bhíonn ar fáil do scoileanna a ordaíonn os cionn caoga leabhar ar líne?

Deontas. ☐

Lascaine. ☐

Leabhair bhreise. ☐

Bosca de leabhair. ☐

5. Cén saghas leabhair atá á lorg ag Ciarán?

Úrscéal. ☐

Leabhar ceoil. ☐

Leabhar spóirt. ☐

Leabhar faoin timpeallacht. ☐

## ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### MÍR NUACHTA I

1. Cá fhad atá Gaelscoil an Chuilinn ar oscailt?

3 mhí. ☐

1 bhliain. ☐

5 bliana. ☐

10 mbliana. ☐

2. Cén gléas súgartha a cuireadh ar fáil do na páistí?

Preab-Chaisleán. ☐

Caisleán Gainimh. ☐

Luascadán. ☐

Liathróid. ☐

3. Cé mhéad páiste a bhí ar an rolla nuair a osclaíodh an scoil?

4. ☐

14. ☐

24. ☐

300. ☐

4. Cathain a osclaíodh an foirgneamh nua?

2017. ☐

2003. ☐

2007. ☐

2013. ☐

5. Cén post atá ag Jack Chambers?

Múinteoir. ☐

Teachta Dála. ☐

Aire Oideachais. ☐

Príomhoide. ☐

**Ar Lean →**

## **MÍR NUACHTA II**

1. Cathain a d'éag Joe Steve Ó Neachtain?

2020. ☐

2021. ☐

2022. ☐

2002. ☐

2. Cá raibh 'Éigse Joe Steve' ar siúl?

Ar líne. ☐

Ar Raidió na Gaeltachta. ☐

I Seanscoil Shailearna. ☐

I gCathair na Gaillimhe. ☐

3. Céard a bhí ar siúl oíche Dé hAoine?

Léamh filíochta. ☐

Oscailt oifigiúil. ☐

'Seó Beo Joe.' ☐

Dráma raidió. ☐

4. Cén post a bhíodh ag Tomás Mac Con Iomaire?

Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta. ☐

Ceannaire TG4. ☐

Léiritheoir le Raidió na Gaeltachta. ☐

Ceannaire na hÉigse. ☐

5. Cár chaith Joe Steve Ó Neachtain an chuid is mó dá shaol?

Sa Spidéal. ☐

I gCathair na Gaillimhe. ☐

Sna Stáit Aontaithe. ☐

I Sasana. ☐

# MÍR NUACHTA III

1. Cár seoladh an tuarascáil?

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaoth Dobhair. ☐

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh. ☐

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ciarraí. ☐

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Mhí. ☐

2. Cén ról a bhí ag an Dr Laoise Ní Thuairisg sa taighde?

Rúnaí. ☐

Tuismitheoir. ☐

Príomh-Údar. ☐

Oifigeach seirbhísí. ☐

3. Céard atá curtha ar fáil ag deireadh na tuarascála?

Grianghraif. ☐

Moltaí. ☐

Suirbhé. ☐

Foirm. ☐

4. Cén ról atá ag Sorcha Ní Chéilleachair le *Tuismitheoirí na Gaeltachta*?

Scríbhneoir. ☐

Oifigeach. ☐

Ceannasaí. ☐

Tuairisceoir. ☐

5. Cén ghné den tuarascáil is mó a rachaidh i bhfeidhm ar dhaoine, dar le Sorcha Ní Chéilleachair?

An léargas a thugann an tuarascáil ar ghanntanas seirbhísí sláinte. ☐

An méid atá ráite sa tuarascáil faoi ghanntanas seirbhísí oideachais. ☐

An léiriú a thugtar sa tuarascáil ar ghanntanas seirbhísí teanga. ☐

An stíl scríbhneoireachta sa tuarascáil. ☐